

Cúiseanna le Fairsingiú

Bíonn go leor cúiseanna éagsúla le fairsingiú gnó. Seo roinnt samplaí de chúiseanna:

- Deireadh a chur leis an iomaíocht.
- Chun éagsúlú a dhéanamh.
- Chun níos mó de sciar den mhargadh a fháil.
- Teastaíonn dúshlán ón bhfiontraí.
- Teastaíonn níos mó cumhachta ón bhfiontraí.
- Leas a bhaint as barainneacht scála.

Conas a Dhéantar Fairsingiú

Fairsingíonn roinnt gnólachtaí trí tháirgí nua a thabhairt isteach sa mhargadh. Déanann gnólachtaí eile iarracht cumasc i margaí nua, margaí eachtracha mar shampla, trína gcuid earraí a onnmhairiú (easpórtáil). Tugann roinnt gnólachtaí ceadúnas do dhaoine eile a gcuid táirgí a dhíol. Ciallaíonn sé seo gur féidir leo an gnólacht a fhás gan daoine nua a fhostú ná athlonnú a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, is minic a dhéanann gnólachtaí a samhail ghnó a shaincheadú le daoine eile, ionas gur féidir leo an gnólacht céanna a bhunú i gceantar eile.

Saincheadú

Is rogha choitianta é saincheadú d'úinéirí gnó toisc gur próiseas an-tapa é, próiseas nach mbaineann riosca mór leis. Ní theastaíonn mórán infheistíochta ón saincheadúnóir (an fiontraí), ach fanann siad fós i gceannas ar an ngnólacht gan mórán oibre a dhéanamh. Sheachnódh roinnt úinéirí gnó é seo mar d'fhéadfadh go mbeadh caillteanas airgid ann, nó d'fhéadfadh an saincheadúnaí damáiste a dhéanamh don bhranda. Baineann an saincheadúnaí leas as an socrú

seo ionas nach gá dó/di fógraíocht a dhéanamh ar bhranda nua agus mar go bhfuil sé éasca díolacháin a dhéanamh le gnólacht atá bunaithe cheana féin. Faigheann siad cabhair ón saincheadúnaí freisin. Is minic a bhíonn sé daor go leor don saincheadúnaí an saincheadúnas a cheannach ón saincheadúnaí, agus caithfidh siad céatadán de na brabúis a thabhairt don saincheadúnaí.

Comhghuaillíocht Straitéiseach

Seo nuair a oibríonn dhá ghnólacht nó níos mó le chéile le haghaidh comhthionscadail. Déanann siad acmhainní a roinnt le chéile ar feadh tréimhse áirithe ama, ach fanann siad mar dhá ghnólacht ar leith. M.sh. McDonald's agus Disney chun *Happy Meals* a dhéanamh. Is minic gur bealach an-saor é fairsingiú a dhéanamh toisc go roinntear na costais idir na gnólachtaí atá i gceist. Tugann sé deiseanna do gach gnó freastal ar mhargaí nua nach raibh réamhthaithí acu leo. Is é an míbhuntáiste leis seo ná go roinntear brabúis agus rialú, agus d'fhéadfadh easaontas a bheith ann idir na cuideachtaí.

Cumasc/Táthcheangal

Is éard atá i gcumasc ná nuair a thagann dhá ghnólacht le chéile mar eintiteas dlíthiúil amháin. Is éard is táthcheangal ann ná nuair a ghlacann cuideachta amháin seilbh ar an gcuideachta eile trí níos mó ná 50% de na scaireanna vótála a fháil. Is gnách go mbíonn sé an-chostasach é seo a dhéanamh mar go mbíonn costas mór i gceist le scaireanna a cheannach. D'fhéadfadh neart daoine a bpoist a chailliúint chomh maith má tá dúbláil ar an bhfoireann.